Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Lúnasa 2020
(OR. en)

10241/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0175(NLE)

ACP 76
COASI 98
RELEX 593
WTO 138

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 374 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 374 final.

Faoi iamh: COM(2020) 374 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.8.2020
COM(2020) 374 final

2020/0175 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a bhunú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais ag an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile

An 30 Iúil 2009, shínigh an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach[1], lena mbunaítear creat le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (dá ngairtear "an Comhaontú" anseo feasta) idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile.

Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ag Nua-Ghuine Phapua ón 20 Nollaig 2009 i leith, ag Fidsí ón 28 Iúil 2014 i leith, ag Samó ón 31 Nollaig 2018 i leith agus ag Oileáin Sholomón ón 17 Bealtaine 2020 i leith.

Is é is aidhm don Chomhaontú na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a chur ar a gcumas do Stáit an Aigéin Chiúin tairbhiú den rochtain níos fearr ar an margadh a chuireann an tAontas ar fáil;

(b) an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn chomh maith le comhtháthú Stáit an Aigéin Chiúin de réir a chéile sa gheilleagar domhanda;

(c) limistéar saorthrádála a bhunú le haghaidh na bPáirtithe ar bhonn an leasa choitinn, trí léirscaoileadh forchéimnitheach na trádála ar bhealach atá i gcomhréir le rialacha EDT is infheidhme agus prionsabal na neamhshiméadrachta, agus riachtanais shonracha agus srianta acmhainneachta Stáit an Aigéin Chiúin á gcur san áireamh, maidir le leibhéil agus uainiú gealltanas;

(d) na socruithe iomchuí um réiteach díospóide a chur ar bun; agus

(e) na socruithe institiúideacha iomchuí a chur ar bun.

### 2.2. An Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin

Beidh an Coiste um Thrádáil comhdhéanta d'ionadaithe an Aontais agus Stáit an Aigéin Chiúin (Fidsí, Nua-Ghuine Phapua, Oileáin Sholomón agus Samó) agus bunóidh sé a rialacha nós imeachta agus beidh ionadaí ó Pháirtí an Aontais agus ionadaí ó Stáit an Aigéin Chiúin ina gcomhchathaoirligh air. Déanfaidh an bheirt chomhchathaoirleach sealaíocht ar bheith i gceannas ar na cruinnithe. Glactar leis an duine atá i gceannas ar chruinniú mar "chomhchathaoirleach i gceannas" chun críocha an Chomhaontaithe go dtí an uair a thosaíonn an chéad chruinniú eile, nuair a ghlacann an Páirtí eile ról an chomhchathaoirligh i gceannas.

Déileálann an Coiste um Thrádáil leis na hábhair uile is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme. Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, féadfaidh an Coiste um Thrádáil (a) aon

[1] Cinneadh ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eatramhaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile (IO L 272, 16.10.2009, lch. 1).

choiste speisialta nó aon chomhlacht speisialta is gá a bhunú agus formhaoirseacht a dhéanamh air chun an Comhaontú a chur chun feidhme, (b) teacht le chéile tráth ar bith a shocraíonn na Páirtithe, (c) aon ábhar maidir leis an gComhaontú a phlé agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, agus (d) cinntí a ghlacadh nó moltaí a dhéanamh sna cásanna dá bhforáiltear leis an gComhaontú.

Tarmligfidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin cumhachtaí sonracha cinnteoireachta cur chun feidhme chuig na coistí speisialta dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe, go háirithe an Coiste Speisialta maidir le Comhar Custaim agus Rialacha Tionscnaimh.

### 2.3. An gníomh de chuid an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá beartaithe

Sa ráithe dheireanach de 2020, le linn an ochtú cruinniú aige, glacfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin Cinneadh lena mbunófar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta ("an gníomh atá beartaithe").

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe na rialacha a leagan síos, a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, lena rialófar eagrúchán agus oibriú an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus fo-struchtúir ghaolmhara, mar a shonraítear faoi fhorálacha an Chomhaontaithe (Airteagal 68).

## 3. An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais

Foráiltear le hAirteagal 68 go mbunóidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a rialacha nós imeachta.

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe, bunaítear seasamh an Aontais a ghlacfar maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a ghlacadh, agus oibleagáidí an Aontais faoi fhorálacha an Chomhaontaithe eatramhaigh á gcomhlíonadh ar an gcaoi sin.

Bunófar an seasamh sin ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a bheidh i gceangal leis an Dréachtchinneadh ón gComhairle. San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin leagtar síos na ceanglais maidir le ról agus ainm an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin, an comhdhéanamh agus an cathaoirleach, an rúnaíocht, na cruinnithe, na toscaireachtaí, na doiciméid, an comhfhreagras, clár oibre na gcruinnithe, an cuireadh do shaineolaithe, na miontuairiscí, na cinntí agus na moltaí, an trédhearcacht, na teangacha, na costais, na Coistí speisialta nó na comhlachtaí speisialta agus na leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear "*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*."

Áirítear ar na "*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*" gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil ina gceangal faoin dlí idirnáisiúnta, ach a "*d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*".

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 68 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is é Airteagal 207 de CFAE an bunús substainteach dlí le cinneadh an Aontais an 15 Feabhra 2011 an Comhaontú a thabhairt i gcrích. Thairis sin, baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála. Mar sin, baineann ábhar an ghnímh atá beartaithe le réimse dá bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontais de bhua Airteagal 3(2) de CFAE.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de CFAE an bunús substainteach dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) ba cheart a bheith ina bunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de CFAE.

# 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go gcuirfear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche chun feidhme le gníomh de chuid an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin, is iomchuí é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2020/0175 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Iúil 2009, shínigh an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, lena mbunaítear creat le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (dá ngairtear "an Comhaontú" anseo feasta) idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile[1]. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ag Nua-Ghuine Phapua ón 20 Nollaig 2009 i leith, ag Fidsí ón 28 Iúil 2014 i leith, ag Samó ón 31 Nollaig 2018 i leith agus ag Oileáin Sholomón ón 17 Bealtaine 2020 i leith.

(2) Le hAirteagal 68 den Chomhaontú, bunaítear Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a dhéileálfaidh leis na hábhair uile is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

(3) Foráiltear le hAirteagal 68 go mbunóidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a rialacha nós imeachta, agus go dtarmligfidh sé cumhachtaí sonracha cinnteoireachta cur chun feidhme chuig na Coistí Speisialta dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe.

(4) Le linn an ochtú cruinniú dá chuid, glacfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a rialacha nós imeachta agus rialacha nós imeachta na gCoistí Speisialta.

(5) Ba cheart don Aontas Eorpach a chinneadh cén seasamh atá le glacadh maidir leis na rialacha nós imeachta sin a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an ochtú cruinniú de chuid an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus Rialacha Nós Imeachta

[1] IO L 272, 16.10.2009, lch. 1.

na gCoistí Speisialta, bunófar é ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, foilseofar Cinneadh an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*